



## CIONTA - ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014

### Sonraítear inti gníomh forfheidhmithe a d'fhéadfadh an Oifig um Clárú Cuideachtaí a dhéanamh

Tabhóidh tuairisceáin bhliantúla a chomhdófar go mall leis an CRO, pionós as comhdú mall de €100 le héifeacht ó dhul in éag spriocdháta comhdúcháin na cuideachta, le pionós laethúil de €3 ina dhiaidh sin suas go huasmhéid de €1200 in aghaidh an tuairisceáin.

De bhreis ar an bpionós as comhdú mall, tá sé de chumhacht ag Cláraitheoir na gCuideachtaí faoin dlí roinnt bearta forfheidhmiúcháin a thionscnamh i ndáil leis na cuideachtaí sin a chomhdóidh go mall. Tá cuideachtaí ann áfach atá ag íoc pionós as comhdú mall go leanúnach. Mar bheart nua, agus de thóradh ar sin beidh gaol díreach idir na bearta forfheidhmiúcháin a úsáidfidh an CRO i ndáil le cuideachta agus stair na cuideachta sin ó thaobh a tuairisceáin bliantúil a chomhdú i gcás an dá bhliain is déanaí.

“Daingean ach cóir” is ea an mana taobh thiar den IEE agus is iad na ceithre prionsabal faoina bhun:

*Comhréireacht:* Déileálfaimid le neamhchomhlíonadh le freagra comhréireach forfheidhmiúcháin, agus bainfidh déineacht an bhirt le stair na cuideachta maidir le comhlíonadh.

*Comhsheasmhacht:* Áiritheoidh an IEE nach bhfágfar cuideachtaí amach as an bpróiseas forfheidhmiúcháin ar chóir iad a áireamh ann. Úsáidfaimid cur chuige comhchosúil i gcúinsí comhchosúla.

*Trédhearcacht:* Cinnteoidimid go dtuigeann stiúrthóirí cuideachtaí cad é a bhfuilimid ag súil leis uathu. Cinnteofar go soiléireofar na fáthanna go bhfuil gníomh forfheidhmiúcháin beartaithe againn nó na fáthanna gur ghlacamar gníomh forfheidhmiúcháin.

*Díriú ar Sprioc:* Cinnteoidimid go ndíreofar iarrachtaí ar na cuideachtaí sin a sháraíonn a gceanglais chomhdúcháin arís agus arís eile.

Is é seo a leanas an réimse bearta forfheidhmiúcháin a fhéadfar a úsáid i gcoinne do chuideachta i gcás nach seachadfaidh sí a tuairisceán bliantúil in am (i dteannta le haon tuairisceán bliantúil a d'fhéadfadh a bheith gan chomhdú go fóill):

### Ordú Ard Cúirte

Faoi Alt 797 d'Acht na gCuideachtaí 2014, Cumhachtaítear an Cláraitheoir, ar dhul in éag tréimse de 14 lá tar éis fógra a eisiúint chuig do chuideachta agus/nó chuig stiúrthóirí na gcuideachta, i gcás nach gcomhdófar tuairisceán bliantúil nó tuairisceáin bhliantúla atá dlite isteach faoi dheireadh na tréimhse sin, iarratas a dhéanamh chuig an Ard Chúirt ar:

- ordú a threoirí don chuideachta a mainneachtain a shlánú laistigh den tréimhse sin a d'fhéadfaidh an Chúirt a shonrú
- go n-íocfaidh oifigigh na cuideachta atá freagrach as an mainneachtain costais an iarratais agus aon chostais eile a bhaineann leis an iarratas.

De bhreis ar sin, féadfaidh an Cláraitheoir an beart seo a úsáid chun comhdú tuairisceáin atá fós gan chomhdú a áirithiú, d'ainneoin ionchúiseamh na cuideachta roimhe seo, nó ionchúiseamh a stiúrthóirí roimhe seo toisc nár comhdaíodh tuairisceáin bhliantúla, i gcás go bhfanann aon tuairisceán bliantúil gan chomhdú tar éis ionchúiseamh na cuideachta nó a stiúrthóirí.

### Fíneáil ar an Láthair

Faoi alt 874(2)(c) den Acht na gCuideachtaí 2014, caithfidh duine nó cuideachta mainneachtana, taobh istigh den tréimhse 21 lá tar éis fógra maidir le fíneáil ar an láthair a d'eisigh an Cláraitheoir chuig an duine sin nó chuig an gcuideachta:

- An mhainneachtain sin a leigheas tríd an tuairisceán bliantúil nó na tuairisceáin bhliantúla a chomhdú agus
- An méid a shonraítear san fhógra a íoc leis an gCláraitheoir.

Déanfar an duine nó an chuideachta mainneachtana a ionchúiseamh mura gcomhlíonfar téarmaí an fhógra um fhíneáil ar an láthair laistigh den tréimhse de 21 lá.

## Cuideachtaí agus Stiúrthóirí a ionchúiseamh

Féadfar cuideachtaí agus stiúrthóirí cuideachtaí a mhainneachtóidh tuairisceán bliantúil a comhdú leis na CRO a ionchúiseamh faoi Alt 865(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014. Féadfar stiúrthóir a fuair trí ionchúiseamh den sórt sin a dhícháiliú ó ghníomhú mar stiúrthóir, nó ó aon bhaint a bheith aige nó aici le bainistíocht aon chuideachta.

## Baint Neamhdheonach den Chlár

Féadfar aon chuideachta a mhainneachtóidh tuairisceán bliantúil a chomhdú i ndáil le haon bhliain amháin, a bhaint den clár agus a dhíscaoileadh. I gcás go bhfuil tuairisceán bliantúil fós gan comhdú, níl gá ach go n-eiseoidh an CRO rabhadh reachtúil amháin, chuig oifig na cuideachta.

Caillfear cosaint an dliteanais teoranta le héifeacht ón dáta a bhainfear den chlár agus dílseoidh aon sócmhainní de chuid na cuideachta san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe trí fheidhmiú an dlí ar dhíscaoileadh na cuideachta. De bhreis ar sin, féadfaidh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar ordú a dhéanamh dá éis sin chuig an Ard Chúirt, de bhun alt 842 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ag dícháiliú stiúrthóirí na cuideachta ó ghníomhú mar stiúrthóirí nó iad a dhícháiliú ó aon bhaint a bheith acu le bainistíocht aon chuideachta, mar aon le hOrdú do na costais dlí tabhaithe ag an Oifig Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus í ag tionscnamh iarratais den sórt sin agus na costais tabhaithe ag an Oifig sin agus an t-ábhar seo á fhiosrú.

*Toisc an bhéim ar an tuairisceán deiridh, ní gá go mbainfeadh áireamh cuideachta ar an liosta le haghaidh forfheidhmiúcháin le cuideachta a chomhdóidh a tuairisceán/tuairisceáin in am sa bhliain reatha. **Ach, mura gcomhdóidh do chuideachta a tuairisceán reatha in am, cinnfear nádúr an bhirt forfheidhmiúcháin a úsáidfear le tagairt do chomhlíonadh do chuideachta lena hoibleagáidí comhdúcháin sna blianta roimhe seo.***

## Cionta faoin Acht 2014

Déantar foráil san Acht do chionta a chur i gceithre chatagóir, Catagóir 1 go dtí Catagóir 4. Tríd síos san Acht, cuirtear na cionta arna gcruthú i gcatagóirí maidir leis an gcatagóir phionóis shonrach atá ag gabháil leo.

Tá na pionóis sin leagtha amach in Alt 871, Caibidil 7 de Chuid 14:

- Cion chatagóir 1 – ar é nó í a chiontú ar díotáil, féadfar téarma príosúnachta suas le 10 mbliana nó fíneáil suas le €500,000 nó iad araon a chur ar dhuine;
- Cion chatagóir 1 – ar é nó í a chiontú go hachomair, féadfar fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur ar dhuine;
- Cion chatagóir 2 – ar é nó í a chiontú ar díotáil, féadfar téarma príosúnachta suas le cúig bliana nó fíneáil suas le €50,000 nó iad araon a chur ar dhuine;
- Cion chatagóir 2 – ar é nó í a chiontú go hachomair, féadfar fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur ar dhuine;
- Cion chatagóir 3 – cion achomair amháin, is inphionóis le téarma príosúnachta suas le sé mhí agus forchur “fíneála d'Aicme A” (nó iad araon); agus
- Cion chatagóir 4 – cion achomair amháin freisin, is inphionóis le forchur fíneála d'Aicme A.

Ciallaíonn “fíneáil d'aicme A” fíneáil de réir bhrí an Achta Fíneálacha 2010 (.i. fíneáil nach mó ná €5,000).

## Tagairtí do Chionta in Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá tagairtí iomadúla do na cionta ar fud Acht na gCuideachtaí. Na cionta ar féidir leis an gClárúitheoir iad a ionchúiseamh, baineann siad leis an mainneachtain doiciméid a chomhdú mar atá ceangailte faoin Acht. Tá liosta anseo de chuid de na cionta de réir mar a bhaineann siad le cuideachtaí.

### **a.50 An riachtanas oifig chlárúithe a choimeád ar bun sa stát.** Cion Catagóir 4

Cuirtear de cheangal ar gach cuideachta de réir dlí, oifig chlárúithe a bheith aici sa dlínse. Seoltar na doiciméid oifigiúla, fógraí agus páipéir chúirte ar fad chuig an seoladh seo de réir dlí. Ní mór suíomh fisiceach a úsáid, ní uimhir bhosca oifig phoist amháin, toisc go bhfuil sé de cheart ag daoine cuairt a thabhairt ar oifig chlárúithe na cuideachta le scrúdú a dhéanamh ar chlár agus doiciméid áirithe agus le doiciméid a sheachadadh de láimh. Ní mór do chuideachta an CRO a choinneáil ar an eolas maidir

le suíomh a hoifige cláraithe. Seoltar an chumarsáid oifigiúil ar fad chuig an seoladh sin.

#### **a.128 Ní mór stiúrthóir a bheith ag cuideachta**

Ní mór ar a laghad stiúrthóir amháin a bheith ag cuideachta TEO. Má dhéantar mainneachtain ar feadh 28 lá as a chéile, beidh an chuideachta agus aon oifigeach don chuideachta a rinne mainneachtain ciontach i gcion chatagóir 3. Gach cineál cuideachta eile – CGA, CTR, CPT agus cuideachtaí neamhtheoranta, ní mór ar a laghad beirt stiúrthóirí a bheith aige.

Faoin Acht nua, ní mór do gach stiúrthóir a bheith 18 mbliana d’aois nó os a chionn. Baineann alt 129 leis an toirmeasc ar fhéimheach neamhurscaoilte do ghníomhú mar oifigeach. Ní féidir le comhlacht corpraithe a bheith ina stiúrthóir. Cion Catagóir 2.

#### **a.137 Ní mór do gach cuideachta stiúrthóir amháin a bheith aici ar a laghad don am i láthair a chónaíonn i mballStát den LEE (Limistéar Eorpach Eacnamaíoch). Cion Catagóir 4**

Ní bhaineann an ceanglas chun stiúrthóir amháin a bheith ag cuideachta ar a laghad a chónaíonn i mballStát LEE le cuideachta ar bith a bhfuil banna de luach €25,000.00 i bhfeidhm aici, atá san fhoirm fhorordaithe nó má chuireann cuideachta iarratas isteach, chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ar dheimhniú agus má fhaigheann sí an deimhniú seo “*go bhfuil nasc fíor agus leanúnach aici le gníomhaíocht eacnamaíoch nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhíonn ar siúl sa Stát*”, ní gá don chuideachta sin stiúrthóir amháin a bheith aici ar a laghad a chónaíonn in Éirinn ó dháta an deimhnithe ar aghaidh, chomh fada is a bhíonn sé i bhfeidhm. (Foirm B67).

#### **a.142 Sárú na teorann i dtaobh duine a bheith ina stiúrthóir ar 25 cuideachta. Cion Catagóir 4**

Tá cuideachtaí áirithe eisiata ón teorainn 25 cuideachta. Is féidir **Foirm B68** a chomhdú má tá an chuideachta i gcatagóir éigin sa Tábla a ghabhann le halt 142, nó tá cuideachta eisiata más cuideachta phoiblí theoranta í. Meastar gur aon chuideachta amháin í cuideachta sealbhaíochta mar aon leis an gcuideachta nó na cuideachtaí (fochuideachtaí) dá bhfuil sí ina cuideachta sealbhaíochta.

#### **a.149 Clár stiúrthóirí agus rúnaí. Cion Catagóir 3.**

Déanann cuideachta Foirm B10 a chomhdú d’fhonn a chur in iúl gur ceapadh oifigeach tar éis a hionchorpraithe, gur tháinig deireadh le ceapachán oifigigh (éirí as oifig, cailliúint poist, bás, srl.) nó d’fhonn a chur in iúl don CRO gur tháinig athrú ar shonraí oifigigh m.sh. athrú ainm nó seoladh cónaithe nua.

#### **a.150 Forálacha forlionsa maidir le stiúrthóir arna dhícháiliú faoi dhlínse éagsúil. Catagóir 3.**

Cuirtear de cheangal ar dhuine ar bith á cheapadh mar stiúrthóir ar chuideachta atá cláraithe in Éirinn, **Foirm B74** a chomhlánú, nuair a bhíonn an duine sin dícháilithe óna bheith ina stiúrthóir nó rúnaí ar chomhlacht corparáideach nó gnólacht i ndlínse thar lear. Sa chás ina bhfuil aon stiúrthóir (a ceapadh cheana féin chuig cuideachta) dícháilithe i ndlínse eachtrach, nó sa chás ina ndéantar é nó i a dhícháiliú i ndlínse eachtrach, ní mór an fhoirm B74a a chur isteach chuig an CRO.

#### **a.216 An gá cláir agus doiciméid eile a chothabháil**

Leagtar síos in Caibidil 10 Cuid 4 Acht na gCuideachtaí 2014 an ceanglas i dtaobh cláir a chothabháil agus rochtain a bheith ag páirtithe leasmhara éagsúla orthu.

Ní mór do chuideachtaí iad seo a leanas a bheith ar fáil:

- Conarthaí/Meamraim seirbhís stiúrthóirí
- Cóipeanna d’ionstraimí lena gcruthaítear muirir
- Clár leas stiúrthóirí agus rúnaithe
- Clár na leasanna in-nochta
- Clár comhaltaí
- Miontuairc cruinnithe

Caithfear an clár comhaltaí a choimeád sa Stát in oifig chláraithe na cuideachta, nó aon oifig eile de chuid na cuideachta ina ndéantar an obair chun é a chur le chéile, nó má shocraíonn an chuideachta duine eile chun an clár a chur le chéile ar son na cuideachta, ag oifig an duine eile sin ina ndéantar an obair. Cion Catagóir 4.

#### **a.281 Oiblegáid chun taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a chomeáid**

Tá sé de dhualgas ar gach cuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád – is éard is brí le ‘leordhóthanach’:

- go ndéantar taifead agus míniú ceart iontu ar na hidirbhearta de chuid na cuideachta

- go gcumasaítear leo, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus sochar agus dochar na cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn,
- go gcuirtear ar a gcumas do na stiúrthóirí a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na gCuideachtaí agus gur féidir na ráitis a iniúchadh.

Tá mionsonraí i gCaibidil 2 de Chuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le conas ba chóir na taifid sin a chothabháil. Cion chatagóir 2 a bheadh i gceist le sárúithe ar na hailt sin (281-285)

#### **a.343 Oibleagáid chun tuairisceán bliantúil a dhéanamh**

Má mhainnítear tuairisceán bliantúil a chomhdú in am, déanfar pionóis um chomhdú déanach a fhorchur láithreach agus caillfear an díolúine ó iniúchadh. Cion Catagóir 3.

#### **a.416 Dearbhú ar mhuirear/morgáiste a shásamh**

Sonraítear in alt 416(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014 gurb amhlaidh má shíníonn duine an ráiteas seo agus a fhios aige nó aici go bhfuil sé bréagach, go bhfuil an duine sin ciontach i gcion chatagóir 2. Sonraítear in alt 416(6) agus (7) gurb amhlaidh, má shíníonn duine an ráiteas seo agus nár chreid sé nó sí ar fhorais réasúnta go raibh an ráiteas fíor, go bhféadfaidh an chúirt a fhógairt go mbeidh an sínitheoir faoi dhliteanas go pearsanta, gan teorainn dliteanais, i leith fhiacha agus dliteanais eile iomlána na cuideachta nó pé chuid díobh a shonróidh an chúirt.

### **Cuid 14 d'Acht na gCuideachtaí 2014**

Bhí Srianata ar oifigigh chuideachta agus Dícháilíochtaí oifigeach cuideachta leagtha amach roimhe seo in alt 150 agus alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Faoin Acht nua, féadfar oifigigh chuideachta a shrianadh nó a dhícháiliú go fóill ach cuirtear iad sin araon i bhfeidhm i slite nua.

#### **Srianadh faoi Alt 819**

Tá méideanna an tsrianata athraithe san Acht nua. Ní mór don chuideachta anois scairchaipiteal leithroinnte a bheith aici dar luach ainmniúil nach lú ná

- €500,000 i gcás Cuideachta Phoiblí Theoranta (seachas cuideachta infheistíochta) nó Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta
- €100,000 i gcás aon chuideachta eile.
- €100,000 i ndáil le cuideachta ráthaíochta de bhua é a bheith sonraithe i meabhrán comhlachais na cuideachta nach lú méid an ranníoca i dtaobh comhalta dá cuid ná €100,000. Ní mór gur duine aonair, seachas comhlacht corpraithe, é nó í an comhalta.
- €100,000 i ndáil le cuideachta ráthaíochta de bhua scairchaipiteal eisithe na cuideachta gan a bheith níos lú ná €100,000. Ní mór don leithroinnt a bheith in airgead tirim.

Íocfar gach scair leithroinnte suas go dtí méid comhiomlán nach lú ná an méid dá dtagraítear thuas lena n-áirítear iomlán aon phréimhe ar an scair sin, agus is in airgead tirim a íocfar gach scair leithroinnte agus iomlán aon phréimhe ar gach scair leithroinnte.

#### **Dícháilíocht faoi Alt 839**

Déantar duine a dhícháiliú ar feadh 5 bliana sa ghnáthchúrsa má dhéantar an duine sin a chiontú ar díotáil in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí 2014 nó in aon chion lenar bhain calaóis nó mí-mhacántacht.

### **Caibidil 5 de Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí 2014**

Baineann an chaibidil seo le gealltanais um dhícháilíocht agus srianadh agus is cuid nua den reachtaíocht í. Faoin gcaibidil seo, féadfaidh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) fógra (doiciméad um ghlacadh) a sheoladh chuig an oifigeach cuideachta atá i gceist ag iarraidh air nó uirthi glacadh leis an srianadh/dícháilíocht mar ghealltanais gan aon ghá don chúirt a bheith páirteach. Sa chás ina síneofar an fógra um ghlacadh agus a gcuirtear ar ais chuig an ODCE é laistigh den tréimhse fógra, ní dhéanfar aon iarratas eile chun na hArd-Chúirte.

## TUAIRISCEÁIN REACHTÚLA, AM SEACHADTA AGUS PIONÓIS NEAMHCHOMHLÍONTA

Tabhair faoi deara: Ní liosta iomlán é seo. Ní mór do chuideachtaí a lán dualgas eile a chomhlíonadh de bharr Acht na gCuideachtaí 2014

Tuairisceáin reachtúla	Dáta seachadta	Pionós neamhchomhlíonta
Foirm B1– Tuairisceán Bliantúil [alt 343]	Tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta go dtí go gcuireadh an tuairisceán le chéile ach roimh an DTB [alt 343]	Cion Catagóir 3 [alt 343(10)]
Ráitis Airgeadais [alt 347]	Ní mór na cuntais a chur isteach in éineacht leis an tuairisceán bliantúil tráth nach déanaí ná naoi mí ó dheireadh na bliana airgeadais	Cion Catagóir 3 [alt 347(5)]
Foirm B2 – Athrú ar oifig chláraithe [alt 50]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ón athrú [alt 50(3)]	Cion Catagóir 4 [alt 50(6)]
Foirm B3 – Fógra faoin gclár a choimeádtar de na comhaltaí [alt 216(6)] N.B. ní bhíonn sé seo riachtanach nuair a choimeádtar an clár ag oifig chláraithe		Cion Catagóir 3 [alt 217(3)]
Foirm B4 – Fógra maidir le méadú ar chaipiteal ainmniúil [alt 93(3)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá ó dháta an mhéadaithe [alt 93(2)]	Cion Catagóir 3 [alt 93(4)]
Foirm B5 – Tuairisceán ar chion-rannta [s70(7)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá amháin ón dáta cionnranna [alt 70(7)]	Cion Catagóir 4 [alt 70(8)]
Foirm B7 – Fógra faoi scaireanna a chomhdhlúthú/a chomhroinnt/a chealú/a fhuascailt, srl. [alt 92]	Tráth nach déanaí ná 30 lá amháin ón imeacht [alt 92(1)]	Cion Catagóir 3 [alt 92(2)]
Foirm B10 – Fógra faoi athrú ar na stiúirthóirí/ar an rúnaí [alt 149(8)]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ón imeacht [alt 149(8)]	Cion Catagóir 3 [alt 150(4)]
Foirm B74 - Ráiteas maidir le dícháliúcháin stiúirthóra [alt 150(2)/alt 22(2)]	A chur isteach in éineacht le Foirm A1/B10	Cion Catagóir 3 [alt 150(4)]
Foirm B74a - Ráiteas faoi dhícháliú stiúirthóra tar éis gur ceapadh é nó í ina stiúirthóir [alt 150(9)]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ón imeacht [alt 149(8)]	Cion Catagóir 3 [alt 150(4)]
Foirm E1 – Dearbhú sócmhainneachta [alt 207/alt 580]	Tráth nach déanaí ná 14 lá (a.580)/21 lá (alt 207) de rún le cuideachta a fhoirceannadh [alt 207/580]	Dearbhú neamhéifeachtach. Bíonn Ordú Cúirte ag teastáil leis an gcor a réiteach
Foirm E2 – Fógra faoi cheapadh leachtaitheora [alt 592(2)]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ón gceapachán [alt 592(1)]	Cion Catagóir 4 [alt 592(4)]
Foirm E3 – Cuntas an leachtaitheora faoina g(h)nómhartha [alt 680(3)/680(6)]	Tráth nach déanaí ná seacht lá ón dáta a chuirtear an chuntas i láthair ag cruinniú [alt 680(3)/680(6)]	Cion Catagóir 3 [alt 680(9)]
Foirm E4 – Mionscríbhinn an leachtaitheora ag deimhniú cuntas [alt 681(2)]	Tar éis bliain amháin. Ní mór foirm a chur isteach do gach tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin [alt 681(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 681(5)]
Foirm E6 – Tuairisceán ar an gcruinniú deiridh foirceanta [alt 705(4)] An chuideachta á fhoirceannadh ag comhaltaí	Tráth nach déanaí na seachtain amháin ón gcruinniú [alt 705(4)]	Cion Catagóir 3 [alt 705(10)]
Foirm E7 – Tuairisceán ar an gcruinniú deiridh foirceanta [alt 706(4)] An chuideachta á fhoirceannadh ag creidiúnaithe	Tráth nach déanaí na seachtain amháin ón gcruinniú [alt 706(4)]	Cion Catagóir 3 [alt 706(10)]

Foirm E5 – Ráiteas cuntais an leachtaitheora [alt 705/706]	Tráth nach déanaí ná seachtain amháin ón gcuiníú [alt 705(4)/706(4)]	Cion Catagóir 3 [alt 705(10)/706(10)]
Foirm C1/C1a – Morgáiste nó muirear a cruthaíonn cuideachta Éireannach [alt 409(3)/409(4)]	Tráth nach déanaí ná 21 lá ón dáta cruthaithe [alt 409(3) nó foirm C1b a cuir isteach]	Cuirtear an muirear ar neamhní, bíonn an t-airgead daingnithe inioctha ar an bpointe [alt 409]
Foirm C6 – Dearbhú ar mhuirear a shásamh [alt 416(4)]	Nuair a shásaítear an muirear [alt 416]	Ní thagann athrú ar an réadmhaoín ar chlár na muirear
Foirm C7 – Dearbhú ar mhuirear a shásamh i bpáirt [alt 416(4)]	Nuair a shásaítear an muirear i bpáirt i leith réadmhaoine áirithe [alt 416]	Ní thagann athrú ar an muirear ar chlár na muirear
Foirm E8 – Fógra faoi cheapadh glacadóra [alt 436(1)]	Tráth nach déanaí ná seacht lá ón gceapachán [alt 436(1)]	Cion Catagóir 4 [alt 436(3)]
Foirm E11 – Fógra go bhfuil glacadóir ag scor de bheith ag feidhmiú [alt 436(2)]	Nuair a scoirtear de bheith ag feidhmiú [alt 436(2)]	Cion Catagóir 4 [alt 436(3)]
Foirm E9 – Achomaireachtaí an ghlacadóra [alt 430(3) nó 441(2)]	Tráth nach déanaí ná seacht mí ón gceapachán agus gach sé mhí ina dhiaidh sin [alt 430(2)/alt 441(4)]	Cion Catagóir 4 [alt 430(10)/441(4)]
Foirm E10 – Ráiteas cúrsaí [alt 430(1)(b)]	Tráth nach déanaí ná dhá mhí ón dáta a fhaightear an ráiteas [alt 430(1)(b)]	Cion Catagóir 4 [alt 430(10)]
Foirm E24 – Fógra faoi Achainín na Cúirte [alt 531(1)]	Tráth nach déanaí ná trí lá ón dáta a chuirtear an achainín i láthair [alt 531(1)]	Cion Catagóir 4 [alt 531(8)]
Foirm H1 – Cuideachta a scriosadh as an gclár a athbhunú chuig an gclár [alt 737(1)]	Tráth nach déanaí ná 12 mhí ón dáta a scriostar an chuideachta as an gclár [alt 737(1)(c)].	Fanann an chuideachta díscailte
Foirm H2 – Fógra faoi ordú nochta [alt 812(1)(b)]	Tráth nach déanaí ná seacht lá ón dáta a dhéantar an t-ordú nochta [alt 812(2)]	
Foirm H3 – Fógra faoi iniúchóir a bhaint óna p(h)ost [alt 385(2)]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ó dháta an rúin a bhaineann iniúchóir as a p(h)ost [alt 385(2)(b)]	Cion Catagóir 3 [alt 385(3)]
Foirm H4 – Fógra nach gcoimeádtar leabhair chuntais chearta [alt 392(1)(b)]	Tráth nach déanaí ná seacht lá ón dáta a sheirbheáiltear an fógra ar an gcuideachta [alt 392(1)(b)]	Cion Catagóir 3 [alt 392(8)]
Foirm H5 – Tuairisceán ag cuideachta atá ag ceannach a scaireanna féin [alt 116(1)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta a sheachadtar na scaireanna don chuideachta [alt 116(1)]	Cion Catagóir 3 [alt 116(3)]
Foirmeacha G2/G1/G1Q – Rúin speisialta/Gnáthrúin [alt 198]	Tráth nach déanaí ná 15 lá ón dáta a ghlactar leis an rún [alt 198]	Cion Catagóir 4 [alt 198(5)]
Foirm F2 – Athrú ar an gcairt (me-abhrán & airteagail, srl.) [alt 1302(3)/1304(3)]	Laistigh de 30 lá [alt 1302(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]
Foirm F3 – Tuairisceán ar athruithe stiúrthóirí/rúnaí/dhaoine údaraithe/ ar na daoine ar gá dóibh a chinntiú/ nó duine údaraithe le hionadaíocht a dhéanamh do chuideachta [alt 1302(3)/1304(3)]	Laistigh de 30 lá [alt 1302(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]
Foirm F4 – Athruithe ar sheoladh na háite gnó nó an bhrainse [alt 1302(3)/1304(3)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá ón athrú [alt 1304(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]



Foirm F7 – Doiciméid chunt-asaíochta [alt 1303/1305]	Laistigh de 30 lá [alt 1303(3)/1305]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]
Foirm F12 – Iarratas ar bhrainse a chlárú (tír LEE) [alt 1302(2)]	Tráth nach déanaí na 30 lá amháin dáta a bhunaítear an Bhrainse [alt 1302(2)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)]
Foirm F13 – Iarratas ar bhrainse a chlárú (tír neamh-LEE) [alt 1304(2)]	Tráth nach déanaí na 30 lá amháin ón dáta a bhunaítear an bhainse [alt 1304(2)]	Cion Catagóir 3 [alt 1304(6)]
Foirm F14 – Fógra maidir le leachtú/dócmhainneacht/dúnadh brainse [alt 1302(3)(e)/1304(3)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis na himeachta [alt 1302(3)/1304(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]



**AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ**  
**Oifig Poiblí:** Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1  
**Fiosruithe:** Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

**Lóghlao:** 1890 220 226  
**Fón:** +353 1 804 5200  
**Ríomhphost:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Láithreán:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

**COMPANIES REGISTRATION OFFICE**  
**Public Office:** Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1  
**Postal Enquiries:** O'Brien Road, Carlow, R93 E920

**Lo Call:** 1890 220 226  
**Tel:** +353 1 804 5200  
**Email:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Web:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)